2026/2374

27.10.2026

RIALACHÁN (AE) 2026/2374 ÓN gCOMHAIRLE

an 26 Deireadh Fómhair 2026

lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 215 de,

Ag féachaint do Chinneadh 2010/788/CBES ón gComhairle an 20 Nollaig 2010 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó [1],

Ag féachaint don togra comhpháirteach ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005 ón gComhairle [2], tugtar éifeacht do roinnt bearta sriantacha dá bhforáiltear le Cinneadh 2010/788/CBES, lena n-áirítear reo cistí agus acmhainní eacnamaíocha daoine agus eintiteas ainmnithe.

(2) An 20 Nollaig 2022, ghlac Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe (CSNA) Rún 2667 (2022), lena mbaintear na ceanglais maidir le fógra a thabhairt a leagtar amach i mír 5 de Rún 1807 (2008) ó CSNA i ndáil leis an lánchosc arm ar eintitis neamhrialtasacha agus ar dhaoine aonair a oibríonn i gcríoch Phoblacht Dhaonlathach an Chongó.

(3) An 29 Meitheamh 2026, ghlac CSNA Rún 2825 (2026), lena leasaítear na critéir chun daoine agus eintitis a ainmniú atá faoi réir na mbeart sriantach a leagtar amach i míreanna 9 agus 11 de Rún 1807 (2008) ó CSNA.

(4) Le Cinneadh (CBES) 2026/2372 ón gComhairle [3], leasaítear Cinneadh 2010/788/CBES dá réir sin.

(5) Tagann roinnt de na leasuithe a leagtar amach i gCinneadh (CBES) 2026/2372 faoi raon feidhme an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Dá bhrí sin, tá gá le gníomhaíocht rialála ar leibhéal an Aontais chun éifeacht a thabhairt don Chinneadh sin, go háirithe d'fhonn cur i bhfeidhm aonfhoirmeach a áirithiú sna Ballstáit uile.

(6) Chun an Rialachán seo a chur chun feidhme, agus chun an deimhneacht dhlíthiúil is mó is féidir a áirithiú laistigh den Aontas, ba cheart na hainmneacha agus na sonraí ábhartha eile a chur ar fáil don phobal a bhaineann le daoine nádúrtha agus dlítheanacha, le grúpaí agus le heintitis a bhfuil a gcistí agus a n-acmhainní eacnamaíocha le reo i gcomhréir leis an Rialachán seo. Ba cheart aon phróiseáil ar shonraí pearsanta a bheith i gcomhréir le Rialacháin (AE) 2016/679 [4] agus (AE) 2018/1725 [5] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

---

[1] IO L 336, 21.12.2010, lch. 30, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2010/788/oj.

[2] Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005 ón gComhairle an 18 Iúil 2005 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó (IO L 193, 23.7.2005, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2005/1183/oj).

[3] Cinneadh (CBES) 2026/2372 ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2026 lena leasaítear Cinneadh 2010/788/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó (IO L, 2026/2372, 26.10.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/2372/oj).

[4] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/679/oj).

[5] Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).

(7) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005 mar a leanas:

(1) in Airteagal 1, cuirtear an pointe seo a leanas leis:

'(k) ciallaíonn "maoiniú nó cúnamh airgeadais" aon ghníomhaíocht, gan beann ar an modh sonrach a roghnaítear, trína n-eisíocann an duine nádúrtha nó dlítheanach, an t-eintiteas nó an comhlacht lena mbaineann, nó trína ngeallann sé go n-eisíocfaidh sé, a chistí féin nó a acmhainní eacnamaíocha féin go coinníollach nó go neamhchoinníollach, lena n-áirítear deontais, iasachtaí, ráthaíochtaí, urraíochtaí, bannaí, litreacha creidmheasa, creidmheasanna soláthróra, creidmheasanna ceannaitheora, réamhíocaíochtaí allmhairiúcháin nó onnmhairiúcháin agus gach cineál árachais agus athárachais, lena n-áirítear árachas creidmheasa onnmhairiúcháin, ach gan a bheith teoranta don mhéid sin; ní maoiniú ná cúnamh airgeadais atá in íocaíocht an phraghais chomhaontaithe maille leis na téarmaí agus coinníollacha íocaíochta ar earra nó ar sheirbhís, arna déanamh i gcomhréir leis an ngnáthchleachtas gnó.';

(2) leasaítear Airteagal 1a mar a leanas:

(a) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

'-1. Na hearraí agus an teicneolaíocht a liostaítear i Liosta Comhchoiteann Míleata an Aontais Eorpaigh (*) ("Liosta Comhchoiteann Míleata"), mar aon le hairm thine, a bpáirteanna, a gcomhpháirteanna riachtanacha, agus a n-armlón mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 258/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (**), beidh toirmeasc ar a ndíol, a soláthar, a n-aistriú nó a n-onnmhairiú, go díreach nó go hindíreach, le haon eintiteas neamhrialtasach nó duine a ghníomhaíonn i gcríoch Phoblacht Dhaonlathach an Chongó ("PDC"), bídís de thionscnamh an Aontais nó ná bíodh.

(*) Leagan is déanaí foilsithe in IO C, C/2026/1640, 13.3.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2026/1640/oj.
(**) Rialachán (AE) Uimh. 258/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Márta 2012 lena gcuirtear Airteagal 10 de Phrótacal na Náisiún Aontaithe i gcoinne monarú agus gáinneáil aindleathach arm tine, a bpáirteanna, a gcomhpháirteanna agus a armlóin, lena bhforlíontar Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh coireachta eagraithe trasnáisiúnta (Prótacal Arm Tine na Náisiún Aontaithe) chun feidhme, agus lena mbunaítear bearta i ndáil le húdarú onnmhairithe, le hallmhairithe agus le hidirthurais le haghaidh arm tine, a bpáirteanna, a gcomhpháirteanna agus a armlóin (IO L 94, 30.3.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/258/oj).';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Cuirfear toirmeasc ar an méid seo a leanas a sholáthar, go díreach nó go hindíreach:

(a) cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a bhaineann le gníomhaíochtaí míleata nó le soláthar, monarú, cothabháil agus úsáid na nithe dá dtagraítear i mír -1 d'aon eintiteas neamhrialtasach nó d'aon duine a oibríonn i gcríoch PDC;

(b) maoiniú nó cúnamh airgeadais a bhaineann le gníomhaíochtaí míleata, chun na nithe dá dtagraítear i mír -1 a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, nó chun cúnamh teicniúil gaolmhar, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar d'aon eintiteas neamhrialtasach nó d'aon duine a oibríonn i gcríoch PDC.'

(c) scriostar mír 2;

(3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1b:

'*Airteagal 1b*

1. De mhaolú ar Airteagal 1a, féadfaidh na húdaráis inniúla an méid seo a leanas a údarú:

(a) díol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú nithe dá dtagraítear in Airteagal 1a, nó soláthar cúnaimh theicniúil ghaolmhair, maoinithe ghaolmhair nó cúnaimh airgeadais ghaolmhair, seirbhísí bróicéireachta gaolmhara nó seirbhísí gaolmhara eile atá beartaithe lena n-úsáid ag Misean Cobhsúcháin Eagraíocht na Náisiún Aontaithe in PDC ("MCENAC") nó ag Tascfhórsa Réigiúnach an Aontais Afracaigh nó chun tacú leo, agus chuige sin amháin;

(b) díol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú éadaí cosanta, lena n-áirítear seaicéid philéardhíonacha agus clogaid mhíleata a onnmhairíonn pearsanra na Náisiún Aontaithe, ionadaithe na meán agus oibrithe daonnúla agus forbartha agus pearsanra comhlachaithe go sealadach chuig PDC dá n-úsáid phearsanta amháin;

(c) díol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú trealaimh mhíleata neamh-mharfaigh atá beartaithe le haghaidh úsáid dhaonnúil nó chosantach amháin, nó soláthar cúnaimh theicniúil ghaolmhair, maoinithe nó cúnaimh airgeadais, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile;

(d) díolacháin eile nó soláthar eile nithe dá dtagraítear in Airteagal 1a, nó soláthar cúnaimh theicniúil ghaolmhair, maoinithe ghaolmhair nó cúnaimh airgeadais ghaolmhair, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile, ar choinníoll go ndearna an Coiste Smachtbhannaí arna bhunú de bhun mhír 8 de Rún 1533 (2004) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe ("an Coiste Smachtbhannaí") an díol nó an soláthar sin, nó soláthar cúnaimh theicniúil, maoinithe nó cúnaimh airgeadais, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a fhormheas roimh ré.

2. Ní dheonófar aon údarú le haghaidh gníomhaíochtaí a bhí ar siúl cheana.';

(4) in Airteagal 2a(1), cuirtear an pointe seo a leanas leis:

'(l) bac mór a chur d'aon ghnó ar chur chun feidhme shainordú MCENAC, lena n-áirítear trí rochtain a dhiúltú, trí shrian a chur le saoirse gluaiseachta nó trí chur isteach ar phatróil agus ar ghníomhaíochtaí faireacháin.';

(5) leasaítear Airteagal 6 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Déanfaidh daoine nádúrtha agus dlítheanacha, grúpaí agus eintitis an méid seo a leanas:

(a) aon fhaisnéis lena n-éascófaí comhlíonadh an Rialacháin seo, mar shampla faisnéis faoi chuntais agus faoi mhéideanna arna reo i gcomhréir le hAirteagal 2(1), a sholáthar láithreach d'údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil cónaí orthu nó ina bhfuil siad lonnaithe, agus aon fhaisnéis den sórt sin a tharchur, go díreach nó tríd an mBallstát, chuig an gCoimisiún; agus

(b) oibriú i gcomhar leis an údarás inniúil chun an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (a) a fhíorú.';

(b) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

‘1a. Beidh feidhm ag an oibleagáid i mír 1 faoi réir rialacha maidir le rúndacht na faisnéise atá i seilbh údaráis bhreithiúnacha, agus go comhsheasmhach le hurramú rúndacht na cumarsáide idir dlíodóirí agus a gcliaint a ráthaítear le hAirteagal 7 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Chun na críche sin, áirítear ar na cumarsáidí sin cumarsáid a bhaineann le comhairle dlí arna soláthar ag gairmithe deimhnithe eile atá údaraithe faoin dlí náisiúnta ionadaíocht a dhéanamh ar a gcliaint in imeachtaí breithiúnacha, a mhéid a thugtar comhairle dlí den sórt sin i ndáil le himeachtaí breithiúnacha atá ar feitheamh nó le himeachtaí breithiúnacha ionchasacha.’;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 2 agus 3:

‘2. Aon fhaisnéis bhreise a fhaigheann an Coimisiún go díreach, cuirfear ar fáil do na Ballstáit í.

3. Maidir le húdaráis inniúla na mBallstát, lena n-áirítear údaráis forfheidhmithe, údaráis chustaim de réir bhrí Rialachán (AE) 2026/2108 (*) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, údaráis inniúla de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 (**) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Threoracha 2014/65/AE (***) agus (AE) 2015/849 (****) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, chomh maith le riarthóirí clár oifigiúil ina ndéantar daoine nádúrtha, daoine dlítheanacha, grúpaí agus eintitis chomh maith le maoin dhochorraithe nó maoin shochorraithe a chlárú, déanfaidh siad faisnéis, lena n-áirítear sonraí pearsanta, agus, más gá, an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, a phróiseáil agus a mhalartú gan mhoill le húdaráis inniúla eile de chuid a mBallstáit féin, le húdaráis inniúla de chuid Ballstát eile agus leis an gCoimisiún, más gá an phróiseáil agus an malartú sin a dhéanamh chun cúraimí an údaráis próiseála nó an údaráis fála faoin Rialachán seo a dhéanamh, go háirithe nuair a bhraitheann siad cásanna ina ndéantar na toirmisc a leagtar amach sa Rialachán seo a shárú nó ina dtéitear timpeall orthu, nó cásanna ina ndéantar iarracht iad a shárú nó dul timpeall orthu.

(*) Rialachán (AE) 2026/2108 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2026 lena mbunaítear Cód Custaim an Aontais agus Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 (IO L, 2026/2108, 19.9.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2026/2108/oj).

(**) Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/575/oj).

(***) Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoracha 2002/92/CE agus 2011/61/AE (IO L 173, 12.6.2014, lch. 349, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2014/65/oj).

(****) Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le húsáid an chórais airgeadais chun sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 2005/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2006/70/CE ón gCoimisiún (IO L 141, 5.6.2015, lch. 73, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2015/849/oj).’;

(6) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 7b:

‘*Airteagal 7b*

Cuirfear toirmeasc ar pháirt a ghlacadh, go feasach nó d’aon ghnó, i ngníomhaíochtaí arb é is cuspóir nó éifeacht dóibh dul timpeall ar na toirmisc a leagtar amach sa Rialachán seo, lena n-áirítear páirt a ghlacadh sna gníomhaíochtaí sin gan an cuspóir ná an éifeacht sin a lorg d’aon ghnó ach a bheith ar an eolas, go bhféadfadh an cuspóir nó an éifeacht sin a bheith ag baint le páirt a ghlacadh sa ghníomhaíocht agus glacadh leis an bhféidearthacht sin.’;

(7) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 8:

‘*Airteagal 8*

1. Cuirfidh an Coimisiún agus na Ballstáit a chéile ar an eolas faoi na bearta a dhéantar faoin Rialachán seo agus roinnfidh siad aon fhaisnéis ábhartha eile atá ar fáil dóibh i ndáil leis an Rialachán seo, go háirithe faisnéis faoin méid seo a leanas:

(a) cistí arna reo faoi Airteagal 2(1);

(b) údaruithe arna ndeonú faoi na maoluithe a leagtar amach sa Rialachán seo;

(c) sárú agus fadhbanna forfheidhmiúcháin agus breithiúnais a thugann cúirteanna náisiúnta.

2. Cuirfidh na Ballstáit a chéile agus an Coimisiún ar an eolas láithreach faoi aon fhaisnéis ábhartha eile atá ar fáil dóibh a d’fhéadfadh difear a dhéanamh do chur chun feidhme éifeachtach an Rialacháin seo.’;

(8) cuirtear na hairteagail seo a leanas isteach:

‘*Airteagal 8a*

1. Ainmneoidh na Ballstáit na húdaráis inniúla dá dtagraítear sa Rialachán seo agus sonróidh siad ar na suíomhanna gréasáin a liostaítear in Iarscríbhinn II iad. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi aon athrú ar sheoltaí a suíomhanna gréasáin a liostaítear in Iarscríbhinn II.

2. Tabharfaidh na Ballstáit fógra gan mhoill don Choimisiún faoina n-údaráis inniúla, lena n-áirítear sonraí teagmhála na n-údarás inniúil sin, tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo agus tabharfaidh siad fógra dó faoi aon leasú ina dhiaidh sin.

3. I gcás ina leagtar amach leis an Rialachán seo ceanglas maidir le fógra a thabhairt don Choimisiún, an Coimisiún a chur ar an eolas nó cumarsáid a dhéanamh leis ar shlí eile, is iad an seoladh agus na sonraí teagmhála eile a shonraítear in Iarscríbhinn II an seoladh agus na sonraí teagmhála atá le húsáid le haghaidh na cumarsáide sin.

Airteagal 8b

Ní úsáidfear aon fhaisnéis a sholáthraítear nó a fhaightear i gcomhréir leis an Rialachán seo ach chun na gcríoch dár soláthraíodh nó dá bhfuarthas í agus chuige sin amháin.’;

(9) cuirtear isteach an t-airteagal seo a leanas:

‘*Airteagal 9a*

1. Féadfaidh an Chomhairle, an Coimisiún agus Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála (“an tArdionadaí”) sonraí pearsanta a phróiseáil chun a gcúraimí faoin Rialachán seo a chur i gcrích. Airítear an méid seo a leanas ar na cúraimí sin:

(a) a mhéid a bhaineann leis an gComhairle, leasuithe ar Iarscríbhinní I agus Ia a ullmhú agus a dhéanamh;

(b) a mhéid a bhaineann leis an Ardionadaí, leasuithe ar Iarscríbhinní I agus Ia a ullmhú; agus

(c) a mhéid a bhaineann leis na gCoimisiún:

(i) inneachar Iarscríbhinní I agus Ia a chur leis an liosta comhdhlúite leictreonach de dhaoine nádúrtha agus dlítheanacha, grúpaí agus eintitis atá faoi réir smachtbhannaí airgeadais an Aontais agus a chur leis an léarscáil smachtbhannaí idirghníomhach, ar liosta agus léarscáil iad atá ar fáil go poiblí;

(ii) faisnéis a phróiseáil faoi thionchar bhearta an Rialacháin seo, amhail luach na gcistí reoite agus faisnéis faoi údaruithe arna ndeonú ag na húdaráis inniúla.

2. Chun críocha an Rialacháin seo, ainmnítear an Chomhairle, an Coimisiún agus an tArdionadaí ina "rialaitheoirí" de réir bhrí Airteagal 3, pointe (8), de Rialachán (AE) 2018/1725 maidir leis na gníomhaíochtaí próiseála is gá chun na cúraimí dá dtagraítear i mír 1 a chur i gcrích.';

(10) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 10:

'*Airteagal 10*

1. Leagfaidh na Ballstáit síos na rialacha maidir le pionóis, lena n-áirítear pionóis choiriúla de réir mar is iomchuí, is infheidhme maidir le sáruithe ar fhorálacha an Rialacháin seo agus glacfaidh siad na bearta uile is gá chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Ní mór na pionóis dá bhforáiltear a bheith éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Déanfaidh na Ballstáit foráil freisin maidir le bearta iomchuí chun fáltais sáruithe den sórt sin a choigistiú.

2. Tabharfaidh na Ballstáit fógra gan mhoill don Choimisiún faoi na rialacha sin dá dtagraítear i mír 1 tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo agus tabharfaidh siad fógra dó faoi aon leasú ina dhiaidh sin.';

(11) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 11:

'*Airteagal 11*

Beidh feidhm ag an Rialachán seo:

(a) laistigh de chríoch an Aontais;

(b) ar bord aon aerárthach nó soitheach faoi dhlínse Ballstáit;

(c) maidir le haon duine nádúrtha laistigh nó lasmuigh de chríoch an Aontais ar náisiúnach Ballstáit é;

(d) maidir le haon duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht, laistigh nó lasmuigh de chríoch an Aontais, atá corpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí Ballstáit;

(e) maidir le haon duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht i leith aon ghnó a dhéantar go hiomlán nó go páirteach laistigh den Aontas.'.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 26 Deireadh Fómhair 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

M. HEYDON